Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Contae Chill Dara

# Dréachtphlean Oidhreachta

# 2026-2031



# Aitheantas

Funded by
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Ba mhaith le Comhairle Contae Chill Dara agus le Fóram Oidhreachta Chontae Chill Dara aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thugann an Chomhairle Oidhreachta d'ullmhúchán an dréachtphlean seo ar bhonn leanúnach agus aitheantas a thabhairt don chúnamh maoiniúcháin a tugadh le haghaidh phost an Oifigigh Oidhreachta agus don mhaoiniú le haghaidh cur i bhfeidhm tionscadal faoin bPlean Oidhreachta.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an bplean sin, le do thoil, déan teagmháil le:

Dara Wyer, Oifigeach Oidhreachta

An tAonad Oidhreachta agus Dúlra | Pleanáil Chun Cinn | Comhairle Contae Chill Dara

Áras Chill Dara | Páirc Uí Dhubhuí | Bóthar an Droichid Nua| an Nás | Co. Chill Dara | W91 X77F

**Uimhir Gutháin:** 045 980200| **Ríomhphost:** heritage@kildarecoco.ie

Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá | 3 |
| 2 | Comhthéacs Beartais | 5 |
| 3 | Treoirphrionsabail | 11 |
| 4 | Ag ullmhú Dréachtphlean Oidhreachta Chill Dara | 15 |
| 5 | Measúnú Cuí agus Scagadh | 17 |
| 6 | Cur i bhfeidhm an Phlean | 19 |
| 7 | Maoiniú | 21 |
| 8 | Monatóireacht agus Meastóireacht | 22 |
| 9 | Infhaighteacht Acmhainní agus Saineolais | 23 |
| 10 | An Plean: Cuspóirí agus Gníomhartha Oidhreachta Straitéiseacha | 24 |
| Aguisín I | Ballraíocht Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Dara | 33 |
| Aguisín II | Aighneachtaí a fuarthas ag an gcéim réamhdhréachta | 35 |
| Aguisín III | Reachtaíocht Ábhartha | 36 |

# 1. Réamhrá ar Dhréachtphlean Oidhreachta Chontae Chill Dara, 2026-2031



Léarscáil Choimisiún na Móna, 1810

Leagann an dréachtphlean oidhreachta seo amach réimse gníomhartha chun oidhreacht Chontae Chill Dara a chosaint agus a fheabhsú ar feadh na cúig bliana le teacht (2026-2031. Tá an dréachtphlean mar thoradh ar an obair a thug, go príomha, Fóram Oidhreachta Chontae Chill Dara faoi, coiste comhpháirtíochta a bhunaigh Comhairle Contae Chill Dara, i gcomhairliúchán leis an bpobal áitiúil agus le heagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a bhfuil suim agus cúram acu in oidhreacht Chontae Chill Dara. Éascaíonn an tOifigeach Oidhreachta agus an Fhoireann Oidhreachta agus Dúlra an obair sin. Tá Fóram Oidhreachta Chontae Chill Dara déanta suas d'ionadaithe tofa, oifigigh chomhairle agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí stáit, ó ghrúpaí oidhreachta áitiúla, ó ghrúpaí pobail, agus ó na hearnálacha feirmeoireachta, oideachais agus gnó.

Tar éis próiseas réamhdhreachta comhairliúcháin poiblí a reáchtáladh i mí an Meitheamh, 2025, glacadh le haighneachtaí ón bpobal a bhain le réimse saincheisteanna oidhreachta. Bhreathnaigh an Fóram Oidhreachta ar gach aighneacht agus rinne measúnú an mbeadh sé indéanta é a chuimsiú mar ghníomh nó mar shraith gníomhartha sa phlean. Mheas an Fóram na cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha atá sa Phlean Oidhreachta reatha (2019-2025), fosta. Ansin, cuireadh le chéile an dá sraith sin chun cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha atá sa dréachtphlean sin a dhéanamh.

Is é an chéad chéim eile i bhforbairt an Phlean Oidhreachta nua, ná ceist a chur ar mhuintir Chill Dara a dtuairimí a nochtadh. An bunchloch den Phlean Oidhreachta a bheith rathúil ná rannpháirtíocht an phobail. Tá cuid mhór d'oidhreacht an chontae faoi chúram grúpaí agus daoine aonair - ina measc tá: coistí deonacha a dhéanann cothabháil ar reiligí stairiúla agus grúpaí

éagsúla atá dírithe ar bhithéagsúlacht a chosnaíonn ialtóga, éin agus gnáthóga níos leithne, chomh maith le grúpaí staire áitiúla agus iad siúd a chaomhnaíonn seantraidisiúin cheirde sa chontae. Beidh gach duine ag súil go léireofar a gcuspóirí agus a n-uaillmhianta sa phlean sin. Féachfaidh an próiseas chomhairliúcháin phoiblí le dul i dteagmháil chomh forleathan agus is féidir ar fud an chontae leis an bpobal chun an réimse is fairsinge agus is féidir de thuairimí agus de mholtaí a bhailiú. Measfaidh an Fóram Oidhreachta gach aighneacht a gheofar agus cuirfear Plean Oidhreachta deiridh os comhair chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Chill Dara i dtaca le glacadh ag deireadh na bliana seo i ndiaidh an phróisis sin. Mar gheall ar an bpróiseas sin, beidh plean ann a chabhróidh leis an dóigh a dtaifeadaimid, a chosnaímid agus a mhínímid ár n-oidhreacht tógtha, cultúrtha agus nádúrtha le linn na gcúig bliana atá le teacht.



Obair chaomhnaithe ar Thúr Chill Dara, 2023

# 2. Comhthéacs Beartais

Is iad seo a leanas na doiciméid a bhaineann leis an bpríomhbheartas straitéiseach a raibh tionchar acu ar ullmhúchán an dréachtphlean Oidhreachta.

## 2.1 Beartas Náisiúnta agus Réigiúnach

**Tionscadal Éireann 2040- An Creat Náisiúnta Pleanála (CNP):** Is plean straitéiseach ar ardleibhéal é an CNP chun forbairt agus fás na tíre a threorú chuig an mbliain 2040. Is creat é chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a threorú, deiseanna a chruthú agus a chur chun cinn, agus an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú. Laistigh de CNP, aithníodh Áiseanna Feabhsaithe agus an Oidhreacht mar Thoradh Straitéiseach Náisiúnta agus aithníodh iad mar Thosaíocht Infheistíochta Straitéisí. Athbhreithníodh an creat in 2025 chun dul i ngleic níos dírí le seachadadh tithíochta agus le dúshláin inacmhainneacht.



Ag marcaíocht amach ag an gCurrach

**Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch (SRSE) 2019-2031 - Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre:** Is plean straitéiseach é SRSE a aithníonn sócmhainní, deiseanna agus brúnna agus a sholáthraíonn freagartha beartais cuí i bhfoirm Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh (CBR). Téann roinnt acu sin sa dréacht SRSE i ngleic le saincheisteanna oidhreachta tógtha agus nádúrtha.

**Oidhreacht Éireann 2030**: Is é Oidhreacht Éireann Plean Oidhreachta náisiúnta na hÉireann- bunaíonn sé creat chun oidhreacht a thuiscint agus taitneamh a bhaint aisti sna deich mbliana atá amach romhainn faoi thrí théama - "Ceannaireacht Náisiúnta agus an Oidhreacht",

"Comhpháirtíochtaí Oidhreachta" agus "Pobail agus an Oidhreacht". Tugtar eolas sa phlean faoi shraith cuspóirí a bhaineann le gach téama.

Leagann Oidhreacht Éireann 2030 amach creat chun ghníomh thar an rialtas, thar na húdaráis áitiúla, thar phobail agus thar dhaoine aonair. Cuireann sé chun cinn ceannaireacht níos láidre, comhordú níos fearr, agus rannpháirtíocht níos fiúntaí leis an bpobal, agus ag an am céanna ag tacú le nuálaíocht, le hoideachas, agus le forbairt inbhuanaithe.

**Cultúr 2025 agus Éire Ildánach:** D'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta in 2016, *Cultúr 2025 - Éire Ildánach Beartas Creata chuig 2025.* Is é aidhm an beartais sin ná an cultúr a chur i gcroílár ár saolta agus cur chuige níos comhoibríche thar na hearnálacha ar fad a fhorbairt. Tá an beartas sin mar bhonn faoin ngealltanas chun acmhainní le haghaidh na n-ealaíon agus na hoidhreachta a mhéadú agus struchtúir mhaoinithe le haghaidh infheistíocht i seirbhísí náisiúnta agus áitiula a fheabhsú. Tá aimsiú gníomhartha tosaíochta i réimse na hoidhreachta i measc na dtosaíochtaí. Tacaíonn an bealach feidhmithe, *Clár Éire Ildánach 2017-2022* (sínte go 2027) le beartas Cultúr 2025, agus geallann sé chun infheistíocht ardaithe a dhéanamh sna healaíon agus san oidhreacht, comhoibriú a chur chun cinn agus táirgeadh Plean Cultúir agus Cruthaitheachta a dtugann an Fhoireann Cultúir i ngach údarás áitiúil faoi.

**Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (PGNB) 2023-2030:** Leagann an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht na hÉireann amach an clár náisiúnta um Bithéagsúlacht ó 2023 go 2030 agus leanann sé ar aghaidh ag forbairt ar an bhforás a rinneadh i bpleananna roimh seo. Achoimrítear ann príomhchuspóirí, spriocanna, agus gníomhartha don rialtas, don tsochaí shibhialta, agus don earnáil phríobháideach chun Fís na hÉireann don Bhithéagsúlacht a bhaint amach. Glacann an plean leis an gcur chuige "an rialtas san iomlán, an tsochaí san iomlán" agus soláthraíonn sé creat chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorás thar chúig réimse straitéiseacha, lena n-áirítear caomhantas, athchóiriú, rannpháirtíocht phoiblí, agus comhoibriú idirnáisiúnta. Beidh an Plean Oidhreachta atá molta ag teacht go beacht le PGNB, agus cuimseoidh sé a thosaíochtaí agus cuirfidh sé le cosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta i gContae Chill Dara.


Giorria Éireannach

**Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025:** Spreagann an plean seo athrú ar leibhéal tírdhreacha chun tacú le bithéagsúlacht agus soláthraíonn treoirlínte praiticiúla, treoirlínte a bhaineann go sainiúil le hearnáil a leanann ar aghaidh ag tabhairt eolais agus tacaíocht don obair sin i gCill Dara. Beidh an Plean Oidhreachta seo ag teacht le cuspóirí an Phlean um Pailneoirí, agus cuimseoidh sé a threoir chun tacú le speicis pailneoirí a chosaint agus chun bithéagsúlacht ar fud an chontae a chur chun cinn.
Soláthraíonn na treoirlínte earnála gaolmhara, a cruthaíodh sa Phlean um Pailneoirí, acmhainn luachmhar chun comhoibriú i gCill Dara a chur chun cinn agus cabhrú le cur i bhfeidhm gníomhartha gaolmhara i bPlean Oidhreachta Chill Dara, 2026-2031.

**Pleananna Earnála um Oiriúnú Athrú Aeráide - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta:** Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta ag ullmhú pleananna earnála le haghaidh oiriúnú Athrú Aeráide ar Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta agus ar Bhithéagsúlacht. Cuimseoidh na pleananna sin gníomhartha a bhaineann le hoiriúnú athrú aeráide, ar son na hoidhreachta, le bheith curtha i bhfeidhm ag na húdaráis áitiúla agus ag an bpobal i gcoitinne.
Tá plean nua le haghaidh Oidhreacht Seandálaíochta agus Athrú Aeráide á thabhairt chun críche faoi láthair, ag ionadú an iarleagain ó 2019 agus ag léiriú na rioscaí, tosaíochtaí, agus ionchur na páirtí leasmhar ata uasdátaithe.

**Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018 - 2020:** In 2015, ghlac na Náisiúin Aontaithe leis an gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus lena 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI).

Tá cuspóirí agus bearta maidir le cosaint éiceachóras, tírdhreach agus oidhreachta cultúrtha leagtha amach ag na SFI cosúil le Sprioc 11.4 SFI, ar cuspóir uileghabhálach é ar son na hoidhreachta a fhéachann le: "*Iarrachtaí a neartú chun oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha an domhain a chosaint*". Is mar fhreagairt dhíreach ar an gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe é an Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018 - 2020 agus a sholáthraíonn cur chuige uile-rialtais leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a chur i bhfeidhm.

**Uiscí agus Pobail:** Is cur chuige measartha nua Oifigí Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (OUPÚÁ) maidir le rannpháirtíocht phoiblí i mbainistíocht ár n-uiscí nádúrtha agus i seachadadh an Chreat-Treoir Uisce. Aithníonn sé an luach atá i gcomhpháirtíochtaí áitiúla maidir le bainistíocht aibhneacha áitiúla, lochanna nó uiscí cósta agus cuireann sé comhairle ar fáil maidir le ceisteanna teicniúla agus le deiseanna maoinithe le haghaidh tionscadal pobail. Tá acmhainneacht mhór ann dá leithéid de thionscadail chun caighdeán uisce, luach gnáthóige agus úsáid fóillíochta uisce Chill Dara a fheabhsú.

**An Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna 2015-2025:** D’fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta an plean sin in 2015 i gcomhairliúchán leis an gComhairle Tailte Móna agus le Ranna Rialtais ábhartha, le háisíneachtaí agus le cuideachtaí leathstáit. Tháinig an straitéis chun cinn toisc go raibh gá le cur chuige straitéiseach leathan a ghlacadh maidir le bainistíocht thailte móna na hÉireann sa todhchaí. Is é mar aidhm aige creat fad-téarmach a sholáthar inar féidir na tailte móna ar fad sa Stát a bhainistiú go ciallmhar chun a gcúnamh sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch d’fholláine na glúine seo agus na nglúnta atá le teacht a bharrfheabhsú.

## 2.2 Beartas Áitiúil

**Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029**

Leagann an Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 (PFC) amach an creat reachtúil le haghaidh pleanáil d’úsáid talún agus forbartha inbhuanaithe i gContae Chill Dara. Is laistigh de chreat beartais PFC é an Plean Oidhreachta agus is é mar aidhm aige tacú le ról PFC agus é a neartú chomh maith le pleananna d’úsáid talún eile trí eolas bonnlíne a sholáthar chun eolas a dhéanamh do bheartas maidir le cosaint, le caomhnú, le bainistíocht agus le cur chun cinn na hoidhreachta.

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Dara 2023-2029**

Is plean sé bliana é Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Dara (PÁEP) a d'ullmhaigh an Choiste um Forbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara. Cuimsíonn sé cuspóirí agus gníomhartha chun forbairt eacnamaíoch, áitiúil agus pobail a chur chun cinn i gContae Chill Dara. Cuirfidh PÁEP i gcruth an creat straitéiseach do gach clár forbartha áitiúil, eacnamaíoch agus pobail atá maoinithe go poiblí. Cuireann an Oidhreacht go mór le caighdeán na beatha agus na folláine agus tá ról aici fosta ar phobail a neartú agus cur le forbairt shocheacnamaíoch Chontae Chill Dara.

**Plean Oidhreachta Chontae Chill Dara, 2019-2025**:

Cruthaíodh an dara Plean Oidhreachta Chontae Chill Dara a chlúdaíonn an tréimhse ó 2019 - 2025 ar an mbonn a leag an bunphlean amach (2005 - 2018), agus lean ar aghaidh ag treorú bainistíochta agus comhairliúchán oidhreachta sa chontae. D'athdhearbhaigh an Plean sin cur chuige straitéiseach maidir le cosaint agus cur chun cinn oidhreacht Chill Dara agus d'aithnigh gníomhartha a bhí ailínithe lena bpríomhchuspóirí.

Féachann an Dréachtphlean Oidhreachta seo le tógáil ar éachtaí an iarphlean agus aithníonn sé tosaíochtaí don oidhreacht i gContae Chill Dara sna cúig bliana atá amach romhainn ag cur san áireamh na hathruithe ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ón bhfoilsiú iarphleananna.



Caint ar Dhíshealbhuithe Chluain Guaire, Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, 2023

**Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara 2026 -2031**

Tá Comhairle Contae Chill Dara ag ullmhú plean gníomhaíochta bithéagsúlachta Údaráis Áitiúil (PGBÚÁ). I ndiaidh seoladh an 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta in 2023, is gá d'Údaráis Áitiúla go léir Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla a bheith acu ag deireadh 2026.

Leis an bhforluí sin sa tréimhse ama a chlúdaítear, is féidir cur chuige comhtháthaithe agus comhoibríoch chun bithéagsúlacht i gContae Chill Dara a chosaint agus a fheabhsú a bheith ann.

**Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Dara 2024-2029**

Tá Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide CCCD 2024 - 2029 in ionad na Straitéise um Oiriúnú Aeráide roimhe seo agus leagann sé amach creat le haghaidh oiriúnú agus maolú aeráide ar fud Chontae Chill Dara. Is é mar aidhm aige gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i ngach feidhm den údarás áitiúil agus tacaíonn sé le todhchaí ísealcharbóin agus le todhchaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. Áirítear sa Phlean gníomhartha dul i ngleic le tionchair an t-athrú aeráide ar oidhreacht tógtha agus nádúrtha, lena gcinntítear go gcuirfear an oidhreacht san áireamh i bpleanáil, i mbeartas, agus i seachadadh seirbhíse.

# 3. Treoirphrionsabail

Is é príomhchuspóir Phlean Oidhreachta Chontae Chill Dara ná:

*"Go n-aithníonn cách luach agus deis oidhreachta uathúil Chill Dara agus é a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, i gcomhpháirtíocht, don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht.*

Cuireann Plean Oidhreachta Chontae Chill Dara 2026-2031 deis ar fáil chun tógáil ar an bhforás agus ar na héachtaí a rinneadh i gcur i bhfeidhm Iarphleananna Oidhreachta an Chontae, agus iad a dhaingniú.

Féachann an dréachtphlean sin chuige leanúint ar aghaidh leis an obair sin leis an bpobal níos leithne agus le páirtithe leasmhara éagsúla chun aird agus tuiscint a tharraingt ar acmhainní oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha Chill Dara. Léiríonn sé cur chuige straitéiseach ar bhainistíocht na hoidhreachta i gCill Dara. Is deis é chun saincheisteanna agus riachtanais oidhreachta a shainaithint ag leibhéal an chontae agus chun dul i ngleic leo ar bhonn áitiúil, laistigh de chreat réigiúnach agus náisiúnta a bhfuil beartas oidhreachta áitiúla agus náisiúnta mar bhonn leis.

Treoraíonn an tAcht Oidhreachta (1995) an próiseas chun an plean a shocrú, lena n-áirítear samplaí oidhreachta mar: leachtanna, earraí seandálaíochta, earraí oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, geolaíocht, gairdíní oidhreachta agus páirceanna agus uiscebhealaí intíre. Chomh maith leis sin, déanann Plean Oidhreachta Chill Dara soláthar do ghnéithe eile d'oidhreacht chultúrtha cosúil le: stair, ginealas, scileanna traidisiúnta agus ealaíona cruthaitheacha lena n-áirítear ceol áitiúil, logainmneacha agus béaloideas.
I measc na ngnéithe atá mar bhonn leis an bplean sin tá

- daonlathas áitiúil
- seirbhís don chustaiméir
- inbhuanaitheacht
- ionchuimsiú sóisialta
- forbairt pobail

- éifeachtúlacht agus freagracht

Tá Fóram Oidhreachta Chontae Chill Dara tiomanta do *chur chuige oidhreachta comhtháthaithe* (tógtha, cultúrtha agus nádúrtha) agus gníomhartha á gcur i bhfeidhm laistigh den Phlean Oidhreachta. Cinnteoidh sé sin go n-uasmhéadófar na buntáistí ar son na hoidhreachta as na gníomhartha a tugadh fúthu agus nach mbeidh aon dochar glan d'acmhainn oidhreachta Chill Dara. Mar shampla, is gá do ghníomhartha a bhfuil fócas láidir seandálaíochta acu aon bhuntáistí féideartha nó tionchair ar bhithéagsúlacht a chur san áireamh fosta nó ar ghnéithe oidhreachta eile agus a mhalairt.

Rinneadh tagairt de na prionsabail seo a leanas i rith an phróisis ullmhúcháin don Phlean Oidhreachta:
*Pobal*- Trí chur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta, féachfaidh Fóram Oidhreachta Chill Dara le hacmhainn pobal a thógáil chun gur féidir leo páirt a ghlacadh i dtograí oidhreachta ar fud an chontae.

*Cur chuige ó ghlúin go glúin:* Forbróidh an Fóram Oidhreachta cur chuige ó ghlúin go glúin agus é ag seachadadh na dtionscadal agus na dtograí agus féachfaidh le heolas oidhreachta uathúil agus le traidisiúin an chontae a chur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht.

*Ag obair i gcomhpháirtíocht* - Creideann an Fóram Oidhreachta oibriú i múnla comhpháirtíochta leis na hearnálacha poiblí/reachtúla, deonacha agus príobháideacha.

*Is Acmhainn í an Oidhreacht-* Sa phlean seo, tuigtear an oidhreacht mar acmhainn luachmhar bunúsach ann féin. Cuireann an Fóram san áireamh fosta go bhfuil acmhainneacht straitéiseach eacnamaíoch ag acmhainn oidhreachta Chill Dara agus go bhféadfaí leas a bhaint as le machnamh mionchúiseach á dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe chothrom.

*An Ghaeilge* - Féachfaidh an Fóram Oidhreachta an Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid dár n-oidhreacht agus dár gcultúr uathúil Gaelach i seachadadh an phlean.

Chun an chaoi ar féidir na prionsabail sin a chomhtháthú isteach i ngníomhartha a eascraíonn ón bplean sin a shonrú, is fiú cuid den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 ina bhforálann sé do roinnt straitéisí ábhartha, a lua. Is pointí ar leith iad seo a leanas:

Ullmhóidh údarás pleanála straitéis do chruthú, d'fheabhsú agus do chaomhnú áiteanna agus pobail inbhuanaithe do na limistéir fheidhmiúla den údarás pleanála.

1) Mar chuid de na cuspóirí sa straitéis beidh:
   a) soláthar, feabhsú, síneadh agus caomhnú conláistí, áiseanna agus seirbhísí chun riachtanais shóisialta, phobail, fóillíochta agus cultúrtha den limistéar feidhmiúil a chomhlíonadh, lena n-áirítear riachtanais páistí, seandaoine agus daoine faoi mhíchumas;
   b) cosaint na hoidhreachta teanga agus cultúrtha, lena n-áirítear cosaint na Gaeilge mar an teanga phobail d'aon Ghaeltacht sa limistéar feidhmiúil lena mbaineann an plean forbartha;
   c) cur chun cinn ardchaighdeán (lena n-áirítear ardchaighdeáin i limistéir phoiblí) i ndearadh uirbeach, in ailtireacht agus i dtírdhreachú chun caighdeán agus nádúr áiteanna uirbeacha agus tuaithe a fheabhsú agus cothabháil a dhéanamh orthu;
   d) áirithint úsáide talún agus a shaothrú mar chuibhrinn agus mar ghairdíní pobail forordaithe agus rialáil, cur chun cinn, éascú nó rialú forála talún lena húsáid sin;
   e) cibé ábhair eile de réir a fhorordaithe.

Mar chreat forbartha straitéisí, éascóidh na bearta sin le dul i ngleic leis na saincheisteanna oidhreachta mar phríomhphrionsabail forbartha.

Beidh seachadadh na dtionscadal a eascraíonn as tograí a shainaithnítear sa Phlean Oidhreachta faoi réir Scagadh le hAghaidh Measúnacht Chuí chun an fhéidearthacht a bhaineann le hiarmhairtí suntasacha ar láithreacha Natura 2000 a mheas.



Coiste Comhairleach um Shéadchomharthaí Stairiúla Chill Dara ag Reilig Lána an Tae, Cill Droichid, 2025

## 4. Ag ullmhú Plean Oidhreachta 2026-2031

Ullmhaíodh an Plean Oidhreachta seo de réir *Treoirlínte d'Ullmhúchán Plean Oidhreachta Cathrach/Contae* de chuid an Chomhairle Oidhreachta. Athnuadh ballraíocht an Fhóraim go luath in 2025 agus chuaigh i mbun oibre ar an Dréachtphlean. Nuair is gá, is féidir daoine ábhartha a bhfuil eolas agus saineolas cuí acu a chur leis an bhFóram.

Tugadh cuireadh don phobal saincheisteanna ar mhaith leo go dtabharfaí aghaidh orthu sa Phlean Oidhreachta a mholadh ag sraith de chúig sheisiún eolais phoiblí pearsanta agus seisiún amháin ar líne. Tiomsaíodh aighneachtaí ón bpobal as an tairseach aighneachtaí i dtuarascáil aighneachtaí. Fuarthas fiche a dó aighneacht san iomlán. Sainaithníodh roinnt téamaí agus saincheisteanna fairsinge. I ndiaidh na n-aighneachtaí ar fad a léamh, bhí aird ag an bhFóram Oidhreachta ar na saincheisteanna a léiríodh sna haighneachtaí sin agus úsáideadh iad mar bhonn leis an bplé a d'fhág gur crutaíodh cúig chuspóir straitéiseacha a bhfuil gníomhartha ábhartha acu san dreacht seo de Phlean Oidhreachta Chill Dara (2026-2031).

Aithníonn an Fóram Oidhreachta na heagraíochtaí, daoine aonair agus áisíneachtaí iomadúla atá ag obair cheana chun an oidhreacht laistigh den chontae a chosaint agus a fheabhsú. Féachann an Plean Oidhreachta leis an obair sin a mhéadú trí dhíriú ar shaincheisteanna oidhreachta áitiúla agus féachann sé chomh maith leis na pobail áitiúla a bheith páirteach i gcúram a n-oidhreachta áitiúla.



Imscrúduithe seandálaíochta ag Dún Ailinne, 2023

## 5. Measúnú Cuí agus Scagadh ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Is gá don Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle), mar a thrasuigh Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2011 (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) i ndlí na hÉireann, go scagfar gach plean agus tionscadal maidir leis na héifeachtaí suntasacha féideartha ar láithreáin Natura 2000 (Limistéir Caomhantais Speisialta (LCS) agus Limistéir Cosanta Speisialta (LCS)). Is é mar aidhm ag an scagadh a chruthú an gá do Mheasúnú Cuí iomlán faoi Airteagal 6 den Treoir.

Tugadh faoi scagadh an Dréachtphlean Oidhreachta 2026-2031 i bhFómhar 2025 agus chuir na torthaí eolas ar an bPlean mar atá sé á chur i láthair. Socraíodh go ginearálta nach mbeadh tionchair shuntasacha ag an bplean ar láithreáin Natura 2000 agus nach mbeadh aon ghá do mheasúnú eile. Tá Fóram Oidhreachta Chill Dara tiomanta do chur i bhfeidhm riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga agus tabharfar faoi Scagadh um Measúnú Cuí don dréacht deireanach de Phlean Oidhreachta Chill Dara sula gcuirfidh Comhairle Contae Chill Dara é san áireamh agus sula nglacfar leis. Tabharfar faoi scagadh tionscadal aonair do mheasúnú cuí nuair is gá le linn an Phlean a chur i bhfeidhm.

Is próiseas an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) trína ndéantar measúnacht fhoirmiúil de réir córais ar an tionchar suntasach is dócha a bheith ar ghnéithe den timpeallacht ó phlean nó clár nó straitéis a chur i bhfeidhm, sula ndéantar aon chinneadh glacadh leis. Faoi Threoir MST is gá go dtabharfar faoi MST i dtaca le pleananna agus le cláir áirithe. Is próiseas an scagadh chun a chinntiú cé acu an mbeadh tionchar suntasach timpeallachta ar phlean áirithe, seachas iad siúd a bhfuil MST éigeantach ina leith agus an mbeadh gá le MST dá bharr. Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2004 (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) (I.R. Uimh. 435 de 2004) a leas Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2011 (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) (Leasú) (I.R. Uimh. 200 de 2011), is gá do Chomhairle Contae Chill Dara a chinntiú an gá don dréachtphlean MST a dhéanamh air.

E



Magairlín na Stuaice

## 6. Cur i bhfeidhm an Phlean

Is plean oibre straitéiseach sé bliana é an Plean Oidhreachta a chuirfear i bhfeidhm trí chlár oibre bliantúil na rannóige Oidhreachta, le hionchur ag an bhFóram Oidhreachta agus comhordaithe ag Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Dara ar bhonn lá go lá. Cé gur príomh-chomhpháirtithe iad an Fóram Oidhreachta, Comhairle Contae Chill Dara agus an Chomhairle Oidhreachta i seachadadh agus i maoiniú an Phlean, braitheann cur i bhfeidhm rathúil an Phlean Oidhreachta ar rannpháirtíocht agus ar thacaíocht leanúnach ghníomhach an phobail níos leithne i gCill Dara, lena n-áirítear grúpaí oidhreachta, áisíneachtaí, institiúidí tríú leibhéal agus daoine aonair. Bainfear leas as aon deis nuair is féidir chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe laistigh agus lasmuigh den chontae i seachadadh an Phlean. Dréachtófar clár oibre bliantúil atá bunaithe ar ábhair an phlean agus ar thosaíochtaí oidhreachta reatha ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Ansin, úsáidfear sin chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú don Chomhairle Oidhreachta agus d'fhoinsí eile. Cuirfear isteach tuarascáil láir téarma ar gníomhartha an Phlean Oidhreachta a tugadh fúthu agus ar an bhforás a rinneadh chuig comhaltaí Chomhairle Contae Chill Dara agus foilseofar í ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

I measc roinnt imeachtaí agus eagraíochtaí ar leith a chuireann le cuspóirí an Phlean tá:

- Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta- seóthaispeántas náisiúnta d'oidhreacht na tíre a bhfuil an-tóir air. Agus í ina fichiú bliain, spreagann Seachtain na hOidhreachta grúpaí agus daoine aonair próifíl a suime oidhreachta féin a ardú, bíodh sin ina shéadchomhartha áitiúil a bhfuil an-ghean air, nó ceird thraidisiúnta nó tionscadail chaomhantais chun tacú le fiadhúlra agus le gnáthóga trí imeacht a reáchtáil i rith na seachtaine.
- Coiste Chomhairleach Shéadchomharthaí Stairiúla Chill Dara. Tá Cill Dara ar cheann de dhá chontae go náisiúnta a bhfuil an coiste sin i bhfeidhm. Foráiltear dó faoi Reachtaíocht um Shéadchomharthaí Náisiúnta, is é ról an choiste ná comhairle agus tacaíocht a thabhairt do CCCD i gcaomhnú struchtúr agus láithreán cosanta atá faoina chúram.
- Rannóga eile laistigh de Chomhairle Contae Chill Dara. De bharr go gclúdaíonn oidhreacht réimse an-leathan saincheisteanna, seachas an fhoireann Oidhreachta go díreach agus rannóg Pleanála níos leithne na comhairle, cuireann go leor rannóga eile cúnamh ar fáil trína gcuid oibre d'aidhmeanna an phlean. Áirítear leis seo Cartlanna agus Staidéir Áitiúla,

líonra Leabharlanna Chill Dara, an rannóg Páirceanna, an rannóg Foirne Aeráide agus Timpeallachta, chomh maith leis na cúig oifig Ceantair Bhardasaigh

# 7. Maoiniú

Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta, i gcomhpháirtíocht le háisíneachtaí agus le heagraíochtaí eile, do sheachadadh an Phlean Oidhreachta seo, ar feadh na sé bliana atá amach romhainn, mar a cheadaíonn acmhainní. Pléifidh an Chomhairle an leithdháileadh maoinithe do sheachadadh an Phlean de réir an bhuiséid bhliantúil. Tacóidh an Chomhairle le seachadadh an Phlean fosta trí obair a hOifigigh Oidhreachta agus foirne gairmiúla eile. Dréachtaítear clár oibre mionsonraithe gach bliain ó ghníomhartha sa Phlean seo, agus cuirfear isteach iad chuig an gComhairle Oidhreachta agus chuig comhlachtaí maoinithe eile nuair is cuí. D’aontaigh an Chomhairle Oidhreachta, i bprionsabal, smaoineamh ar an bPlean mar fheidhm straitéiseach maoinithe sé bliana. Pléifidh an Chomhairle Oidhreachta gníomhartha maoinithe sa Phlean, atá i gcomhréir le gnáthchritéir mhaoinithe, agus atá comhoiriúnach lena cuspóirí. Éascaíonn leithdháileadh maoinithe bliantúil ón gComhairle Oidhreachta seachadadh an Phlean Oidhreachta agus comh-mhaoinaíonn Comhairle Contae Chill Dara é. Beidh tiomantas príomh-chomhpháirtithe eile do ghníomhartha maoinithe sa Phlean ag brath ar leithdháiltí maoinithe agus ar chúraim.



Cornán Caisil

# 8. Monatóireacht agus Meastóireacht

Leagann an Plean Oidhreachta amach sraith gníomhartha atá le baint amach thar thréimhse sé bliana. Sonróidh an clár oibre bliantúil na tionscadail atá le tabhairt fúthu, agus na comhpháirtithe atá freagrach as iad a sheachadadh. Déanfaidh an Fóram monatóireacht ar an gclár oibre bliantúil agus buailfidh siad le chéile ceithre huaire ar a laghad go bliantúil chun forás a athbhreithniú agus a mheas. Maidir leis sin, beidh an tOifigeach Oidhreachta freagrach don Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil (C.B.S.). Tionólfar grúpaí oibre nuair is gá chun gníomhartha áirithe sa chlár oibre a bhaint amach.




Foireann um Chaomhnú Thúr Mhainistir Mhaoine, 2025

# 9. Infhaighteacht Acmhainní agus Saineolais

Féachfar le saineolas gairmiúil a fháil nuair is gá agus mar a cheadaíonn acmhainní, chun gníomhartha an Phlean Oidhreachta a chur i bhfeidhm. Chun go gcomhtháthófar cuspóirí caomhantais agus bainistíochta oidhreachta go hiomlán isteach i bhfeidhmiú Chomhairle Contae Chill Dara ó lá go lá, áfach, bheifí ag súil le ceapadh foirne breise lánaimseartha i réimsí ábhartha a bhfuil an cháilíocht chuí acu, mar shampla, seandálaíocht phobail. Is ceist oibríochta do Chomhairle Contae Chill Dara é foráil foirne agus acmhainní eile chomh maith le bheith ag brath ar chúrsaí buiséid.

Ba chóir tabhairt le fios fosta an neart taithí agus saineolais atá ann sa líonra grúpaí agus daoine aonair atá i mbun na hoidhreachta sa chontae agus go dtugann na grúpaí sin cúnamh suntasach do chuspóirí an Phlean seo agus Iarphleananna.




An Nás i Léarscáil Suirbhéireachta Down 1674

## 10. Cuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha

Is é mar aidhm ag an bPlean Oidhreachta ná *"aitheantas a thabhairt do luach agus deis d'oidhreacht uathúil Chill Dara mar acmhainn agus é a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, i gcomhpháirtíocht don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht".*

Chruthaigh an Fóram Oidhreachta na 57 gníomh seo a leanas chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh chun solais le linn an phróisis comhairliúcháin chomh maith leis na cuspóirí agus gníomhartha atá sa phlean reatha a mheas. Cuireadh na gníomhartha seo i gcúig ghrúpa a dtugtar Cuspóirí Straitéiseacha orthu.

**Cuspóir Straitéiseach Oidhreachta 1:**

**Tuiscint ar oidhreacht Chill Dara a mhéadú trí fheasacht, oideachas agus oiliúint.**

| | |
|---|---|
| 1. | Tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail, do Chóras na mBailte Slachtmhara agus do ENR maidir le forbairt tionscadal píolótach atá faoi stiúir an phobail agus a dtacaíonn saineolaí ar chaomhantas oidhreachta tógtha leo agus a bheadh mar mhúnlaí caomhantais atá de réir an dea-chleachtais. |
| 2. | Leanúint ar aghaidh ag tacú le hainmniúchán Dún Ailinne, Cill Chuillinn, mar iarratasóir le haghaidh an teidil "Láithreáin Ríoga na hÉireann" Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECNA. |
| 3. | Mol CCCD a fhorbairt - acmhainn inrochtana ar líne le haghaidh ábhair oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha sa chontae. |
| 4. | Ardáin na meáin ar líne atá ar fáil agus teicneolaíocht nua eile (cosúil le samhaltú 3T) a úsáid chun an oidhreacht a thabhairt chuig lucht spéise nua. |
| 5. | Eolas a chur ar líonra grúpaí oidhreachta agus ENR sa chontae tríd an gCóras Rannpháirtíochta Poiblí (CRP). |
| 6. | Leanúint ar aghaidh ag tacú le rannpháirtíocht na gceithre bhaile i gCill Dara i gCóras Bhailte Múrtha na hÉireann. |
| 7. | Acmhainní a chur ar fáil do thograí oidhreachta áitiúla agus úsáid á baint as Scéim Pobail Oidhreachta CCCD[1]. |

| | |
|---|---|
| 8. | Clár feasachta rollach ar oideachas oidhreachta a fhorbairt atá bunaithe ar iniúchadh de chláir oideachais oidhreachta reatha chun seimineáir, siúlóidí, taispeántais agus ceardlanna a chur san áireamh agus rannpháirtíocht a mhéadú in imeachtaí bliantúla amhail Seachtain na Bithéagsúlachta, Seachtain na hOidhreachta agus Oíche Chultúir. |
| 9. | Feasacht ar oidhreacht mhíleata shuntasach Chill Dara a mhéadú, ag oibriú leis an Roinn Cosanta agus le páirtithe leasmhara eile. |
| 10. | Oibriú i gcomhpháirtíocht le háisíneachtaí nó le heagraíochtaí ábhartha, le grúpaí deonacha áitiúla agus leis an bpobal chun oidhreacht na mbealaí uisce i gCill Dara a chosaint agus a chur chun cinn. |
| 11. | Naisc a bhunú le húinéirí tithe stairiúla agus láithreán oidhreachta eile chucu siúd a bhí ar oscailt don phobal le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta a chur chun cinn. |
| 12. | Chun tacú le hOiliúint do thionscadail Eolaíochta Saoránach ábhartha agus iad a chur chun cinn [2]. |
| 13. | Iniúchadh a dhéanamh ar shonrú crann ar leith nó grúpaí crann atá fóirsteanach d'Orduithe Caomhnaithe Crann de réir mar a cheadaíonn acmhainní. |
| 14. | Leanúint ar aghaidh ag tacú le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann chun Láithreáin Gheolaíochta le Tábhacht sa chontae a shainaithint agus a chosaint. |
| 15. | Tacú le Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha agus a chomhtháthú i bPlean Forbartha an Chontae. |
| 16. | Tacú le hullmhúchán straitéis bonneagair uaine agus ghorm Chontae Chill Dara chun eolas a dhéanamh do Phlean Forbartha an Chontae. |
| 17. | Tacú le gníomhartha atá bainteach leis an oidhreacht i bPlean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Contae Chill Dara 2024-2029 lena n-áirítear:<br>a. N1- Plean Bonneagair Uaine a fhorbairt<br>b. N12- Tacú le clár na hOidhreachta sna Scoileanna<br>c. N17- Dul i dteagmháil le Bord na Móna chun éagsúlú cuí agus íogair iar-lagphortach a phlé |

| | |
|---|---|
| 18. | Seimineár oidhreachta bliantúil/débhliantúil a eagrú don lucht spéise ar fad chun feasacht na hoidhreachta sa chontae a mhéadú. |
| 19. | Straitéis bholscaireachta agus chumarsáide d'oidhreacht Chill Dara a fhorbairt a uasmhéadaíonn na struchtúir atá ann cheana, amhail líonraí na meán áitiúil agus ar líne, pobail agus gnó. |

**Cuspóir Straitéiseach Oidhreachta 2:**

**Dea-chleachtas i gcaomhnú agus i mbainistíocht acmhainn oidhreachta Chill Dara a chur chun cinn.**

| | |
|---|---|
| 20. | Cabhrú le grúpaí pobail agus le húinéirí nó le hoibritheoirí réadmhaoine leas a bhaint as maoiniú agus as comhairle ó fhoinsí ábhartha ar fad i gcaomhnú agus i mbainistíocht láithreán oidhreachta. |
| 21. | An tionscadal maidir le Cruthú Coillearnaí ar Thalamh Poiblí i bhFiodh Cuilinn a fhorbairt de réir measúnaithe comhshaoil ag leibhéal tionscadail agus chun láithreáin eile a chur chun cinn le haghaidh tionscadail ata cosúil leis thar cheantair bhardasacha eile, nuair is féidir agus indéanta. |
| 22. | Maoiniú giaráilte do Sheandálaí Contae a lorg de réir acmhainní. |
| 23. | Comhoibriú le hOifigeach Caomhantais Ailtireachta CCCD chun clár maidir le Foirgnimh atá i mBaol a ullmhú d’fhoirgnimh oidhreachta sa chontae. |
| 24. | Suirbhé ar Theachíní Ceann Tuí chontae Chill Dara a uasdátú. |
| 25. | Leanúint ar aghaidh an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta a uasdátú agus a choimeád, lena chinntiú go gcuirfear san áireamh struchtúir sa chontae ar ábhar suime stairiúil, ailtireachta, cultúrtha, eolaíochta agus teicniúil iad. |
| 26. | Tacú agus comhoibriú le cur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara 2026-2031. |
| 27. | Oibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun Plean Bainistíochta Caomhantais Mhachairí an Churraigh a chur i bhfeidhm a fhéachann chuige an plean le hoidhreacht ailtireachta, chultúrtha, nádúrtha agus tógtha na hacmhainne oidhreachta suntasaí seo a chur chun cinn. Meastar go mbeidh Scagadh faoi leith le hAghaidh Measúnacht Chuí (AA) ag teastáil d’fhonn na tionscadail atá sa CPMP a sheachadadh |
| 28. | Ceardlanna scileanna traidisiúnta a éascú i gcomhar le comhlachtaí ábhartha. |

| | |
|---|---|
| 29. | Naisc le húdaráis áitiúla eile agus le comhlachtaí poiblí a fhorbairt chun deiseanna do thionscadail oidhreachta comhroinnte a d'fhéadfadh tarlú a mheas. |
| 30. | Tacú le staidéar féidearthachta a ullmhú chun inmharthanacht forbartha Músaem Contae a mheas. |
| 31. | Tacú le pobail i dtaifead stairsheanchais. Nuair is féidir, stairsheanchas a thiomsú le meáin ábhartha eile cosúil le grianghraif agus le hábhair scríofa. |
| 32. | Dea-chleachtas i mbainistíocht, i gcaomhnú, agus i dtaifead reiligí stairiúla a chur chun cinn agus clár bainistíochta caomhantais do reiligí stairiúla atá faoi chúram CCCD a fhorbairt le Coiste Comhairleach ar Shéadchomharthaí Stairiúla Chontae Chill Dara agus le grúpaí cothabhála reiligí ar fud an chontae. |
| 33. | Tacú le seachadadh an chuspóra i bPlean Forbartha an Chontae chun Páirc Náisiúnta Tailte Móna a fhorbairt, lena n-áirítear sainaithint láithreán féideartha agus forbairt straitéise le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara. |
| 34. | Tosaíocht a thabhairt do chosaint oidhreachta trí fhorbairt inbhuanaithe glasbhealaí, gormbhealaí agus bealaí móna sa chontae. |

**Cuspóir Straitéiseach Oidhreachta 3:**
**Tiomsú agus foilsiú sonraí oidhreachta do phobal níos leithne, tabhairt faoi shuirbhéanna agus faoi thaighde chun eolas a dhéanamh don bheartas.**

| | |
|---|---|
| 35. | Liosta de gach láithreán oidhreachta tógtha ar leis an gcomhairle iad a chur le chéile i gcomhoibriú leis an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta agus straitéisí caomhantais/bainistíochta do na struchtúir sin a fhorbairt de réir mar a cheadaíonn acmhainní. |
| 36. | Leanúint ar aghaidh ag cur tionscadal taifeadta eolaíochta saoránach chun cinn amhail Tionscadal Mionainmneacha Meitheal Logainm, Ionad Sonraí Náisiúnta Bithéagsúlachta agus An Suirbhé Tagarmharcála Náisiúnta chun cur le tacair sonraí d'eolas oidhreachta áitiúla. |

| | |
|---|---|
| 37. | Suirbhéanna agus tuarascálacha a ullmhaíodh mar ghníomhartha den Phlean Oidhreachta a fhoilsiú. |
| 38. | Cartlann tuarascálacha ar láithreáin agus ar fhríotha seandálaíochta a bhunú agus a chaomhnú. |
| 39. | Rochtain chuí ar Shéadchomharthaí Náisiúnta agus ar shéadchomharthaí seandálaíochta sa chontae ar leis an bpobal iad a spreagadh agus comhpháirtíochtaí a éascú chun rochtain a bhainistítear go cuí ar na láithreáin sin a sholáthar. |
| 40. | Comhairle a thabhairt mar is gá maidir le hainmniú eastát tithíochta i gCill Dara chun oidhreacht chultúrtha an chontae a léiriú go cruinn. |
| 41. | Tacú le hiniúchadh ar láithreáin oidhreachta nádúrtha atá faoi úinéireacht ag CCCD agus le cur i bhfeidhm straitéisí caomhantais/bainistíochta do na láithreáin sin. |
| 42. | Tionscadal taifeadta de cheol traidisiúnta áitiúil a choimisiúnú. |
| 43. | Bunachair Sonraí Oidhreachta CFG a mhéadú trí iniúchtaí eile ar oidhreacht sa chontae a bhailiú agus a léiriú i gcomhar le foireann CFG CCCD. |
| 44. | Le cinntiú go dtabharfar cuspóirí an Phlean Oidhreachta isteach i gach plean reachtúil nuair is gá. |

**Cuspóir Straitéiseach Oidhreachta 4:**

**An oidhreacht a chur chun cinn mar acmhainn a dhéanann cúnamh do chaighdeán saoil, le forbairt chultúrtha agus eacnamaíoch i gContae Chill Dara.**

| | |
|---|---|
| 45. | Dul i gcomhairle le heagraíochtaí oidhreachta agus turasóireachta agus le comhpháirtithe ábhartha eile chun forbairt ábhair bolscaireachta do láithreáin oidhreachta agus do bhealaí sa chontae a bhfuil rochtain phoiblí orthu a chur chun cinn. |
| 46. | Leanúint ar aghaidh ag tacú le líonra Músaem agus Ionaid Oidhreachta Chill Dara. |

| | |
|---|---|
| 47. | Tacaíocht agus treoir a sholáthar le conairí rochtana a bhfuil téama oidhreachta mar bhonn leo a fhorbairt go tuisceanach ar bhealaí sa chontae atá bunaithe cheana féin. |
| | • Turas Columbanus<br>• Conairí oidhreachta tionsclaíochta (lena n-áirítear canálacha agus tailte móna)<br>• Turas Bríde |
| 48. | Soláthar eolais ar an láthair do láithreáin oidhreachta Chill Dara trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht cosúil le cóid MF nó a leithéidí. |
| 49. | Iniúchadh a ullmhú ar chomharthaíocht treorach atá ann cheana agus féachaint chuige soláthar agus caighdeán comharthaíochta treorach a fheabhsú. Caighdeánú dearaidh do chomharthaíocht oidhreachta sa chontae a fhorbairt nuair is féidir. |
| 50. | Ábhair a thiomsú agus torthaí a bhaineann le hoidhreacht spóirt Chill Dara a fhoilsiú, lena n-áirítear oidhreacht eachaí Chill Dara faoin ainm "Dúiche Folaíochta". |
| 51. | Tacú le hobair fhoireann Staidéar Áitiúil agus Cartlann Chill Dara. |
| 52. | Tacú le forbairt tionscadail scoileanna atá bunaithe ar Chnuasach Scoileanna an Choimisiúin um Béaloideas sna 1930í. |

**Cuspóir Straitéiseach Oidhreachta a Cúig:**

**Ceannaireacht agus Rannpháirtíocht san oidhreacht le pobal níos leithne Chill Dara a chothú.**

| | |
|---|---|
| 53. | Oibriú le hÉirinn Ildánach agus le grúpaí na n-ealaíon áitiúil chun oidhreacht chultúrtha Chill Dara a chur chun cinn. |
| 54. | Tacaíochtaí do ghrúpaí pobail oidhreachta a chur chun cinn, lena n-áirítear Scéim Uchtaigh Séadchomhartha, chomh maith le scéimeanna deontais áitiúil agus náisiúnta a chur chun cinn. |
| 55. | Tacú le cláir náisiúnta oideachais atá ann cheana cosúil le Clár na hOidhreachta sna Scoileanna agus scéim chun scoileanna agus grúpaí pobail a thabhairt chuig láithreáin oidhreachta sa chontae a fhorbairt. |

| | |
|---|---|
| 56. | Imeachtaí agus seirbhísí oidhreachta inrochtana agus ionchuimsitheach a chur chun cinn. |
| 57. | Naisc straitéiseacha le hinstitiúidí tríú leibhéal a fhorbairt chun taighde agus léarscáiliú oidhreacht Chill Dara agus tionscadal ábhartha eile a spreagadh. |

**Nótaí:**

1. Is scéim na ndeontas beag bliantúil é Deontas Pobail Oidhreachta CCCD.atá ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair atá ag tabhairt faoi thionscadal oidhreachta. Is gá do thionscadail rathúla tabhairt faoi imeacht do Sheachtain na Bithéagsúlachta nó do Sheachtain na hOidhreachta mar chuid den tionscadal.

2. Is tionscadail taighde iad tionscadail eolaíochta saoránach a reáchtáiltear le rannpháirtíocht ón bpobal i gcoitinne. Is minic a bhailítear na sonraí sin go lárnach agus déanann sainghairmí anailís ar na torthaí.



Marcanna caite rópa ó bháirsí capaill, An Chanáil Mhór

## Aguisín I Ballraíocht Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Dara

Liostaithe anseo tá na heagraíochtaí ar Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Dara faoi láthair. Chun forbairt Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil Chill Dara (2026-2031) i gcomhthráth leis an bplean seo a éascú, thionóil an tOifigeach Bithéagsúlachta Grúpa Oibre Bithéagsúlachta eile. Seo leanas an bhallraíocht le chéile:

| | |
|---|---|
| Ionadaí Tofa CCCD | An Clr Noel Heavey |
| Ionadaí Tofa CCCD | An Clr Brian O'Loughlin |
| Ionadaí Tofa CCCD | An Clr Claire O'Rourke |
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | Killian Brennan |
| Coillte | Mary Clifford |
| Coillte | Niall O'Neill |
| Bord na Móna | Mark McCorry |
| Iascach Intíre Éireann | Roisin O Callaghan |
| Teagasc | Margaret Farrell |
| Cairde Éanlaith Éireann - craobh Chill Dara | Neil Bourke |
| An Taisce | Elaine McGoff |
| Uiscebhealaí Éireann | Hazel Conway |
| Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann | Denis Halpin |
| Feirmeoireacht don Nádúr | Norman Dunne |
| Comhpháirtíocht Leader Chill Dara | Maeve Howe |
| Turasóireacht um Athrú Cóir/Oifig Áitiúil Fostaíochta | Helen Mulhall |
| Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil | Ruth Gaj McKeever |
| Pleanáil Chun Cinn CCCD | Martin McLoughlin |
| Pleanáil Chun Cinn CCCD | David Jordan |
| Gníomhú ar son na hAeráide CCCD | Stephen O'Reilly |
| Feasacht Timpeallachta CCCD | Richard Curtin |
| Páirceanna CCCD | Aoife McMullin |

| | |
|---|---|
| Pleanáil Chun Cinn CCCD | Carol Forde |
| Pleanáil Chun Cinn CCCD | Patricia Hyland |
| Éiceolaí Pleanála CCCD | An Dr Mary O'Connor |
| Líonra Rannpháirtíochta Pobal Chill Dara | Denis Dennehy |
| Líonra Rannpháirtíochta Pobal Chill Dara | Brian McCabe |
| Pleanálaí CCCD | Darragh McGinn |
| Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta | Grace Fegan |
| Oidhreacht Chill Dara | Tom McCutcheon |
| Cartlannaí Contae CCCD | Karel Kiely |
| Seandálaí | Noel Dunne |
| Oifigeach Oidhreachta CCCD | Dara Wyer |

Ba mhaith le baill an Fhóraim reatha aitheantas a thabhairt d'ionchur iarbhaill Fhóram Oidhreachta Chill Dara ar phróiseas an Phlean Oidhreachta.



Strapa cóimhiotail copair aimsithe le linn thógáil Sheachbhóthar na Sollán

## Aguisín II Aighneachtaí a fuarthas ar an bPlean Oidhreachta réamhdhréachta

Chomh maith le ráitis agus moltaí a fuarthas go pearsanta le linn na gcomhairliúchán réamhdhréachta, rinneadh fiche a dó aighneacht fhoirmiúil tríd an tairseach chomhairliúcháin. Sainaithníodh roinnt téamaí agus saincheisteanna fairsinge.agus is féidir iad a achoimriú mar a leanas:

- An tábhacht leis an gCurrach agus an gá do Phlean Bainistíochta Caomhantais Mhachairí an Churraigh a chur i bhfeidhm
- Rochtain ar shonraí oidhreachta a fheabhsú
- Forbairt íogair láithreán oidhreachta a chinntiú
- Spóirt agus an oidhreacht
- Forbairt páirceanna baile
- An gá sonraí oidhreachta a thiomsú agus a chur ar fáil
- Comhoibriú le húdaráis áitiúla in aice láimhe ar réimse tionscadal
- An tábhacht le hoidhreacht tionsclaíochta, chultúrtha agus nádúrtha bhealaí uisce agus láithreáin oidhreachta eile Chill Dara
- An gá le Músaem Contae
- Feasacht ar oidhreacht cheoil Chill Dara a mhéadú
- Forbairt conairí oidhreachta, lena n-áirítear conairí oilithreachta
- An tábhacht le hoidhreacht eolaíochta
- Comharthaíocht agus brandáil oidhreachta chomhionanna ar fud an chontae

# Aguisín III Reachtaíocht Ábhartha

## Reachtaíocht Náisiúnta agus an AE

An Oidhreacht agus Pleanáil

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024
- Achtanna na hOidhreachta 1995 agus 2018
- Treoracha maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) (Treoir 2011/92 ón gComhairle) 2011 agus (Treoir 14/52AE ón gComhairle) 2014
- Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) (Treoir 2001/42/CÉ ón gComhairle)

Oidhreacht Seandálaíochta

- Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014
- An tAcht um Oidhreacht Stairiúil agus Seandálaíochta agus Forála Ilghnéitheacha, 2023
- An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997

Oidhreacht Ailtireachta

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024
- Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Stairiúla (Forálacha Ilghnéitheacha), 1999

Tírdhreacha

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

Músaeim agus Cartlanna

- An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001
- An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (rialacháin 1988)

Oidhreacht Nádúrtha

- An tAcht um Fhiadhúlra, 1976 agus an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000
- An Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CÉ ón gComhairle), 2009
- An Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle), 1992
- An Chreat-treoir Uisce (Treoir 2000/60/CÉ ón gComhairle), 2013

## Coinbhinsiúin agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta a shínigh agus a dhaingnigh Éire

Seandálaíocht

- An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Vaileite), 1997

Ailtireacht

- An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta de chuid na hEorpa (Coinbhinsiún Granada), 1997

Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

- Coinbhinsiún EOECNA um Chosaint na hOidhreachta Cultúrtha agus Nádúrtha an Domhain (daingnithe 1992)

Oidhreacht Nádúrtha

- An Coinbhinsiún um Éagsúlacht Bithéagsúlachta 1992 (daingnithe 1996)
- An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa 2000
- An Coinbhinsiún um Chaomhnú Gnáthóg Nádúrtha agus Fiadhúlra na hEorpa (Coinbhinsiún Berne) 1979 (daingnithe 1982)
- An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Coinbhinsiún Bonn) 1979 (daingnithe 1983)
- An Coinbhinsiún um Bogaigh de Cháil Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Ramsar) 1971 (daingnithe 1984)
- An Coinbhinsiún um Thrádáil Idirnáisiúnta na Speiceas atá i mbaol (CTISAIB) 1973

Tírdhreach

- An Coinbhinsiún Eorpach um Thírdhreach 2000 (daingnithe 2002)